Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga do Cheantar na nOileán a fheidhmíonn faoi bhranda **Glór na nOileán** á thairiscint ag Comhairle Ceantar na nOileán CTR. Is é Comhairle Ceantar na nOileán CTR. atá freagrach as an phlean teanga do Cheantar na nOileán a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh dhá bhliain atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comhairle Ceantar na nOileán CTR. agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ard chaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Chomhairle Ceantair na nOileán CTR.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €36,450 go €51,750 ag gabháil leis an phost.

Tá an plean teanga don LPT le fáil má chuirtear glaoch ar 091 551922 agus tá na sonraí poist a théann leis an phost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Oifigeach Forbartha Chomhairle Ceantair na nOileán.

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, **roimh 6ú Nollaig 2024** chuig: **Oifigeach Forbartha, Comhairle Ceantar na nOileán CTR. Tír an Fhia, Leitir Móir, Gaillimh, H91 DWV1.** Teil: 091 551922. Ríomhphost : comhairlecnanoilean@gmail.com

S20 AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA
Ár dTeanga, Ár bPobal, Ár nGaeltacht

Údarás na Gaeltachta